Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11114 – SWOCTEM / KLÖCKNER)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 317/11)

1. An 31 Lúnasa 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— SWOCTEM GmbH ('SWOCTEM', an Ghearmáin), atá faoi rialú Prof. Dr.-Ing. E.h. Friedhelm Loh,

— Klöckner & Co SE ('Klöckner', an Ghearmáin).

Gheobhaidh SWOCTEM rialú aonair ar Klöckner ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta shealbhaíochta é SWOCTEM atá faoi úinéireacht agus faoi rialú ag Prof. Dr.-Ing. E.h. Friedhelm Loh ar leis Friedhelm Loh Group agus a bhfuil an grúpa sin faoina rialú. Cuimsíonn Friedhelm Loh Group punann cuideachtaí atá gníomhach ar fud réimse earnálacha, lena n-áirítear, i measc earnálacha eile, Stahlo, oibreoir ionaid seirbhíse cruach sa Ghearmáin,

— Tá Klöckner gníomhach go príomha i ndáileadh stocshealbhaíochta cruach (lena n-áirítear cruach dhosmálta), alúmanam, plaisteach agus táirgí tionsclaíocha eile chomh maith le hionaid seirbhíse cruach agus ionaid gearrtha ocsai a oibriú.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11114 – SWOCTEM / KLÖCKNER

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË